C/2025/2440

24.4.2025

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an 14 Aibreán 2025**

**lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú thar ceann na Beilge**

(C/2025/2440)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Foras Eorpach chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú (Eurofound), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1365/75 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh an 28 Márta 2023 ([2]), cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú don tréimhse ón 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2027.

(2) Tá suíochán comhalta i gcatagóir ionadaithe eagraíochtaí na bhfostaithe tagtha chun bheith folamh anois mar gheall ar Stijn GRYP a bheith éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag eagraíocht na bhfostaithe CEC don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Maartin HERMANS ina chomhalta de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú in ionad Stijn GRYP, go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2027.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 14 Aibreán 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS

([1]) IO L 30, 31.1.2019, lch. 74.

([2]) Cinneadh ón gComhairle an 28 Márta 2023 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú don tréimhse (Eurofound) (IO C 116, 31.3.2023, lch. 23).